Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11083 — KBR / SUN CAPITAL / HOMESAFE JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 141/06)

1. An 14 Aibreán 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— KBR Services, LLC ("KBR Services", na Stáit Aontaithe) atá faoi rialú Kellogg Brown & Root Services, Inc. ("KBR", na Stáit Aontaithe).

— Tier One Relocation, LLC ("T.O.", na Stáit Aontaithe), atá faoi ralú Sun Capital Partners, Inc. ("Sun Capital", na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh KBR Services agus T.O. rialú comhpháirteach ar HomeSafe Alliance, LLC ("HomeSafe", na Stáit Aontaithe). de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Cuireann Seirbhísí KBR seirbhísí lóistíochta éagsúla ar fáil do chustaiméirí de chuid Rialtas na Stát Aontaithe. Tá sé á rialú ag KBR a sholáthraíonn réitigh chuimsitheacha eolaíochta, teicneolaíochta agus innealtóireachta do rialtais agus do chustaiméirí tráchtála ar fud an domhain.

— Déanann T.O. speisialtóireacht i seirbhísí aistrithe tí don arm. Tá sé faoi rialú ag Sun Capital, gnólacht infheistíochta príobháidí a dhíríonn ar cheannach thar barr amach le giaráil, ar chothromas, ar fhiachas agus ar infheistíochtaí eile i dtionscail éagsúla ar fud an domhain.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó HomeSafe: earraí tí a aistriú do chomhaltaí d'arm na Stát Aontaithe agus d'fhostaithe de chuid rialtas na Stát Aontaithe.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11083 — KBR / SUN CAPITAL / HOMESAFE JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË